Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 21

# Príosúin

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 21, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an suim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 ar na tuarastail agus costais de chuid na Seirbhíse Príosúin, agus táillí eile i dtaca le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2016, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair um chaiteachas i gcomhair na bliana.

Dlitear barrachas €4.2 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Talamh agus foirgnimh***

Tá seilbh ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar 14 phríosún agus ionad coinneála, chomh maith le réadmhaoin ag Coláiste Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, Port Laoise agus réadmhaoin cóngarach d'Fhoirgneamh na Ceanncheathrún sa Longfort, agus láithreáin eile i mBaile Átha Cliath: ceann acu cóngarach do Phríosún Chnoc na Seamar, agus eile i Cill Mhaighneann agus i mBaile na Sceach.

*Luacháil*
Luacháil an Oifig Luachála an talamh ag luach úsáide reatha (nó ag luach margaidh mura raibh sí in úsáid) le linn 2014. Táthar ag leanúint ar aghaidh ag luacháil na talún ag Halla Thornton ar a costas, lena n-áirítear infheistíocht i mbonneagar agus i seirbhísí, ar feitheamh athbhreithnithe ar a luach agus a sochar féideartha don Stát. Déanfar athbhreithniú ar an suíomh seo ar bhonn bliantúil.

Is é an bonn a úsáidtear chun foirgnimh phríosúin a luacháil ná an meánchostas athsholáthair in aghaidh an chillín. Talamh agus foirgnimh na bpríosún a athluacháil gach cúig bliana - beidh an chéad athluacháil bheartaithe eile ar siúl in 2019.

*Dímheas*
Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas sna blianta idir athluachálacha, ar an mbonn gur leor caiteachas cothabhála leanúnach bliantúil lena mbail a chothabháil.

Gan talamh agus foirgnimh a áireamh, déantar gach sócmhainn chaipitil eile a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré ionchais mheasta, ag tosú sa mhí inar cuireadh i bhfeidhm iad.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an tSeirbhís Phríosúin na hÉireann.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Cuireann an tIonad um Sheirbhísí Comhroinnte Párolla (SCP) seirbhísí próiseála párolla ar fáil don tSeirbhís Príosún. Feidhm atá á bainistiú ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe is ea an SCP.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialaithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil do Sheirbhís Príosún na hÉireann.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- Is ann do Choiste Iniúchta, a bhfuil mar chuid dá sainchúram SPÉ, comhairle a thabhairt dom maidir le bheith i mbun mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Seirbhís Phríosúin.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an tSeirbhís Phríosúin go gcuirtear fócas iomchuí ar dhea-chleachtas ceannaigh agus go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú le gach treoirlíne ábhartha.
- San iomlán, tuairiscíodh 35 socrú soláthair dar luach iomlán €7,007,188 faoi Chiorclán 40/2002 sa bhliain 2016. Miondealaítear iad mar seo a leanas:
    - a) Cúig cheannachán phráinneacha dar luach iomlán €518,211
    - b) Bhí naoi cheannachán dhílsithe ina gcúis le costas iomlán €3,318,519
    - c) Rinneadh dhá cheann déag chonradh reatha soláthair dar luach €1,881,149 a shíneadh/a thabhairt ar aghaidh
    - d) Tháinig dhá cás aníos nach raibh ach soláthraí oiriúnach amháin ar fáil iontu agus ba é €156,490 luach na gconarthaí sin
    - e) Chuathas isteach i gceithre socrú/dtairiscint áitiúla dar luach €134,680
    - f) D´eascair 3 mhír eile soláthair ar luach €998,139 go príomha agus muid ag feitheamh le tabhairt chun críche tairiscintí láraithe san Oifig um Sholáthar Rialtais agus in Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise na Rialtais.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Cuimsíonn sainchúram fheidhm iniúchta inmheánaigh na Roinne iniúchadh inmheánach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann chomh maith. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Seirbhís Phríosúin na hÉireann i bhfeidhm ar a cuid oibre. Déantar na pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh a fhaomhadh ag an gCoiste Iniúchta agus cuireann siad an anailís seo san áireamh. Bíonn sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déantar athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh go tréimhsiúil ag an gCoiste Iniúchta. Tá mé sásta go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm le cinntiú go ndéantar obair leantach maidir le tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaí.

**Noel Waters**
Oifigeach Cuntasaíochta
Príosúin
31 Márta 2017

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 21 Príosúin

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 21 Príosúin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaiodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin sa tSeirbhís Phríosúin agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 21 Príosúin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an tSeirbhís Phríosúin. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na leabhair chuntais.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú airgeadais inmheánaigh gur tharla cás ábhartha de neamhchomhlíonadh le rialacha náisiúnta soláthair maidir le conradh a bhí ag feidhmiú i 2016.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2017

# Vóta 21 Príosúin

## Cuntas Leithreasa 2016

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Riarachán agus soláthar coimeádta sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin do dhaoine a chuirtear chun príosúin | 332,058 | 325,041 | 331,203 |
| | **Ollchaiteachas** | **332,058** | **325,041** | **331,203** |
| | *Asbhain:* | | | |
| **B** | **Leithreasaí i gcabhair** | **13,407** | **13,440** | **15,922** |
| | **Glanchaiteachas** | **318,651** | **311,601** | **315,281** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid faoi dhliteanas don ghéilleadh don Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 7,049,978 | 1,259,379 |
| Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha | (2,833,000) | — |
| Farasbarr le tabhairt suas | 4,216,978 | 1,259,379 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna aghus liúntais | 236,681 | 230,781 | 235,013 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 1,816 | 1,770 | 1,894 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 3,860 | 2,397 | 2,795 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 2,900 | 2,956 | 2,935 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 4,480 | 6,801 | 5,672 |
| vi | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 100 | 22 | — |
| | | 249,837 | 244,727 | 248,309 |

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 80,314 | 82,894 |
| Pá | | 230,781 | 235,013 |
| Neamhphá | | 13,946 | 13,296 |
| **Ollchaiteachas** | | **325,041** | **331,203** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **13,440** | **15,922** |
| **Glanchaiteachas** | | **311,601** | **315,281** |
| **Athraithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannachán | (2,884) | | |
| Dímheas | 1,716 | (1,168) | (419) |
| **Athraithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (18,356) | (28,826) |
| **Athraithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | (1,484) | | |
| Méadú i stoc | (130) | (1,614) | 1,634 |
| **Caiteachas díreach** | | **290,463** | **287,670** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 45,197 | 44,387 |
| **Glanchostas cláir** | | **335,660** | **332,057** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 21 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 270 | 270 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 43,771 | 43,088 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 148 | 203 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Seirbhísí Comhroinnte | m | 453 | 219 |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas - an tIonad um Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais | m | 555 | 607 |
| | | 45,197 | 44,387 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | 920,719 | 889,370 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 5,438 | 55,667 |
| | | **926,157** | **945,037** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 11,111 | 7,933 |
| Stoic | 2.5 | 1,169 | 1,039 |
| Réamhíocaíochtaí | | 929 | 380 |
| Ioncam fabhraithe | | 111 | 91 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 275 | 469 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **13,595** | **9,912** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 2,911 | 259 |
| Costais fhabhraithe | | 3,259 | 4,174 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 8,475 | 8,143 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **14,645** | **12,576** |
| **Glandliteanais reatha** | | **(1,050)** | **(2,664)** |
| **Glansócmhainní** | | **925,107** | **942,373** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **925,107** | **942,373** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 942,373 | 914,762 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 318,651 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (4,217) | | |
| Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha | Cuntas | (2,833) | | |
| Vóta glan | | | 311,601 | 315,281 |
| Caiteachas (airgead tirim) iompraíodh in áit eile | 1 | | 45,197 | 44,387 |
| Caiteachas neamhairgid - athluacháil | 2.2 | | (38,404) | — |
| Costas glan clár | 1 | | (335,660) | (332,057) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **925,107** | **942,373** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Mótar-fheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2016 | 884,878 | 71,166 | 810 | 8,699 | 965,553 |
| Breiseanna | 68,639 | 1,783 | 3 | 1,044 | 71,469 |
| Diúscairtí | — | (759) | — | (24) | (783) |
| Athluacháil [a] | (38,404) | — | — | — | (38,404) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2016 | 915,113 | 72,190 | 813 | 9,719 | 997,835 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2016 | — | 67,266 | 709 | 8,208 | 76,183 |
| Dímheas don bhliain | — | 1,437 | 29 | 250 | 1,716 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (759) | — | (24) | (783) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2016 | — | 67,944 | 738 | 8,434 | 77,116 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016** | **915,113** | **4,246** | **75** | **1,285** | **920,719** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **884,878** | **3,900** | **101** | **491** | **889,370** |

[a] Baineann an athluacháil le seanPhríosún Chorcaí nach bhfuil á úsáid mar phríosún a thuilleadh. Fanann luacháil láithreáin a cuireadh i gcrích i 2014 ar luach €1.683 milliún i Ráiteas na Sócmhainní Caipitil. Déanfar níos mó athbhreithnithe ar an luacháil seo ag feitheamh le socrú deiridh maidir le húsáid todhchaí an láithreáin agus na bhfoirgneamh maidir leis an seanphríosún.

**2.3 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt**

| ag 31 Nollaig | **Conarthaí tógála** | |
|---|---|---|
| | **2016** | **2015** |
| | **€000** | **€000** |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir | 55,667 | 28,461 |
| Íocaíochtaí airgid tirim don bhliain | 18,356 | 28,826 |
| Aistrithe go clár sócmhainne | (68,585) | (1,620) |
| | 5,438 | 55,667 |

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 10,805 | 7,821 |
| Cuntais bhainc thráchtála | 306 | 112 |
| | 11,111 | 7,933 |

| **2.5 Stoic** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Éide agus éadach | 914 | 916 |
| Troscán agus ábhar cothabhála | 92 | 28 |
| Ilghnéitheach | 163 | 95 |
| | 1,169 | 1,039 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Óinchistí | 67 | 150 |
| Cuntas fionraí párolla (Pá-chonair) | 1 | 61 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 207 | 258 |
| | 275 | 469 |

| **2.7 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 4,188 | 4,420 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 1,878 | 1,877 |
| Cáin Shiarchoinneálach | 211 | 239 |
| Cáin Bhreisluacha | 1,486 | 930 |
| | 7,763 | 7,466 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 666 | 675 |
| Míreanna fionraí creidmheasa eile | 46 | 2 |
| | 8,475 | 8,143 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 4,217 | 1,259 |
| Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha | 2,833 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas | (4,139) | (1,000) |
| Glandliteanas don Státchiste | 2,911 | 259 |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 11,111 | 7,933 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 275 | 469 |
| | 11,386 | 8,402 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (7,763) | (7,466) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (712) | (677) |
| | (8,475) | (8,143) |
| | | |
| | 2,911 | 259 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **a)Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Tionscadail chaipitil | 4,627 | 4,657 |
| Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe le dlí | 4,627 | 4,657 |

**b)Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla**

| | Caiteachas carnach go 31 Nollaig 2015 | Caiteachas i 2016 | Ceangaltais Tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin | Saolré ionchais chaiteachas iomlán an tionscadail 2016 | Saolré ionchais chaiteachas iomlán an tionscadail 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Príosún Chorcaí** | **44,503** | **1,582** | — | **46,085** | **45,285** |

**Difríochtaí suntasacha**

Soláthraítear míniú thíos sna cásanna sin inar méadaíodh ceangaltais ilbhliantúla faoi níos mó ná €500,000 ó 2015 go 2016.

| **Cur síos** | **Méid an mhéadaithe** | **Míniú** |
|---|---|---|
| | **€000** | |
| Príosún Chorcaí | 800 | Baineann an méadú le ceisteanna oibríochtúla agus slándála ar aithníodh iad a bheith ag baint le haistriú ó sheanphríosún oibríoch go foirgneamh nua, lena n-áirítear tiomantas níos mó do leibhéil níos aitheanta/níos creidiúnaithe oideachais agus oiliúna oibre; bhí de thoradh air sin uile, mar shampla, riachtanais uasghrádaithe do threalamh cistine a bheadh ábalta príosúnaigh a oiliúint go FETAC Leibhéal 4 |

Tá Príosún Chorcaí críochnaithe anois ag costas iomlán ar luach €46.085 milliún. Tá an príosún oibríochtúil ó bhí Mí Feabhra 2016 ann.

**2.10 Dliteanais aibithe**

Ní raibh aon dliteanais aibithe neamhscaoilte amhail dheireadh na bliana (2015:Nil).

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-mhírcheann

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Riarachán agus soláthar coimeádta sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin do dhaoine a chuirtear chun príosúin** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 236,681 | 230,781 | 235,013 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 13,156 | 13,946 | 13,296 |
| A.3 | Foirgnimh agus trealamh | 45,188 | 38,861 | 47,099 |
| A.4 | Seirbhísí príosúin | 28,976 | 27,649 | 26,524 |
| A.5 | Seirbhísí oibriúcháin | 3,730 | 6,650 | 4,945 |
| A.6 | Seirbhísí oideachais | 1,265 | 1,065 | 1,123 |
| A.7 | Cúiteamh | 2,873 | 5,901 | 3,014 |
| A.8 | Bearta míbhuntáiste sóisialta (cistí díomhaoine arna maoiniú) | 189 | 188 | 189 |
| | | 332,058 | 325,041 | 331,203 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €7.02 milliúnníos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná soláthartha<br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - pá | 5,900 | Thóg próiseas earcaíochta na n-oifigeach príosúin níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis, rud a raibh de thoradh air nár earcaíodh aon oifigeach príosúin le linn na bliana. Chuaigh níos mó oifigeach ar scor freisin ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Riarachán – neamhphá | (790) | D´eascair an farasbarr ar feadh roinnt réimsí riaracháin ach tharla sé go príomha mar gheall ar chaiteachas méadaithe TFC maidir le tionscadail áirithe, leithéidí an t-uasghrádú ar an gcóras bainistithe ghlaonna agus ceannach freastalaithe athsholáthair (€2.3 milliún). Gineadh coigilteas fritháirimh ar luach €1.53 milliún i réimsí eile riaracháin, i dtaca le ceannach éidí agus costais traenála san áireamh, ós rud é nárbh ann d´aon earcú oifigeach príosúin le linn na bliana. |
| Foirgnimh agus trealamh | 6,327 | Tharla an coigilteas de bharr moill a bheith ar roinnt tograí móra a bhí socraithe do Pháirc na Cruithneachta agus Cnoc na Seamar agus clár breisiúcháin do chóras CCTV ar fud eastát na bPríosún. Tháinig deireadh le roinnt creatchonarthaí le linn na bliana 2016 agus atairgeadh arís iad le linn na bliana. D'imir sé seo tionchar ar an moill a bhí ar roinnt tograí caipitil eile. Tugadh suim €2.83 milliún ar aghaidh chuig 2017 faoi na forálacha a cheadaíonn caipiteal a thabhairt ar aghaidh. |
| Seirbhísí príosúin | 1,327 | Tharla an coigilteas de bharr an laghdú leanúnach i líon na bpríosúnach agus bearta éifeachtúlacht soláthair agus costais a rinneadh i roinnt réimsí lena n-áirítear seirbhísí glantacháin príosún. |

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná soláthartha**<br><br>**€000** | **Míniú** |
| --- | --- | --- |
| Seirbhísí oibriúcháin | (2,920) | Tharla an barrachas mar gheall ar bhreis ceannacháin don fhlít iompair príosún (€1.3 milliún). Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar aois na bhfeithiclí reatha, socraíodh feithiclí nua a fháil in áit na bhfeithiclí a cláraíodh roimh 2008, chun leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas chun an flít a thabhairt cothrom le data. Laghdóidh go suntasach an infheistíocht seo, €1 milliún, rioscaí sláinte & sábháilteachta a bhaineann le feithiclí níos sine agus laghdófar na costais reatha i dtaca leis na leaganacha níos nua. Mínítear €1.1 milliún den fharasbarr atá fágtha le seirbhísí oibríochtúla eile, lena n-áirítear an gá atá ann le hinfheistíocht a dhéanamh i nuashonrú míreanna áirithe trealaimh oibríochtúil agus slándála. |
| Seirbhísí oideachais | 200 | Tá an coigilteas ceangailte leis an laghdú leanúnach i líon na bpríosúnach le blianta beaga anuas agus freisin bíonn sé deacair an leibhéal cruinn caiteachais a thuar i ngach bliain ós rud é go mbíonn sé ag brath ar leibhéal roghnúcháin na gcúrsaí éagsúla. Ina theannta sin, bhí leibhéal an chaiteachais ar sheirbhísí leabharlainne níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis ag feitheamh le tabhairt chun críche idirbheartaíochta leis na húdaráis áitiúla d´aischur seirbhísí leabharlannaí i roinnt príosún. Lena chois sin, bhí líon na n-uaireanta teagaisc a cailleadh mar gheall ar dheacrachtaí maidir le hacmhainní a chur ar fáil níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis, rud a raibh de thoradh air tearc-chaitheamh ginearálta ar an mbuiséad oideachais. |
| Cúiteamh | (3,028) | Tharla an barrachas mar go raibh líon níos airde cásanna a bhain le candam cúitimh ná mar a bhí súil leis agus a raibh íocaíocht dlite dóibh sa bhliain 2016. Rinne an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát bainistiú ar thromlach na gcásanna thar ceann Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. |

# 4 Fáltais

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Ilghnéitheach | 405 | 237 | 203 |
| 2. | Fáltais na gcuntas díomhaoin | 189 | 188 | 189 |
| 3. | Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as luach saothair na seirbhíse poiblí | 12,813 | 13,015 | 15,530 |
| | **Iomlán** | **13,407** | **13,440** | **15,922** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheideal ina raibh an toradh éagsúil ón tsuim mheasta de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5%.

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná soláthartha** | **Míniú** |
|---|---|---|
| | **€000** | |
| Ilghnéitheach | 168 | Tá sé deacair líon na bhfáltas faoin gceannteideal seo a thuar. Cé go bhfuil an líon mórán cosúil le 2015, is laghdú é ar fháltais 2014 (€313,000). |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (ar choibhéis lánaimseartha) | 3,215 | 3,308 |

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 137,047 | 139,840 |
| Liúntais ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 273 | 279 |
| Liúntais eile | 46,283 | 48,316 |
| Tinreamh breise agus ragobair | 31,416 | 30,897 |
| ÁSPC an Fhostóra | 15,762 | 15,681 |
| **Pá Iomlán** | **230,781** | **235,013** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2016 | 2015 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 62 | 3 | 11,560 | 12,004 |
| Tinreamh breise agus ragobair | 2,977 | 1,805 | 29,072 | 26,028 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | 2,707 | 631 | 15,601 | 16,130 |
| Ilghnéitheach | 3,079 | 203 | 15,176 | 23,903 |
| Luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin | 3,025 | 2,922 | 52,743 | 52,549 |

**5.2 Socruithe Luach Saothair Eile**

San iomlán íocadh €174,394* do 28* státseirbhíseach a bhí ar scor agus iad ag fáil pinsin státseirbhíse, le méideanna idir €150 agus €36,297 i gceist; athfhostaíodh iad ar dualgais éagsúla le linn 2016. San iomlán íocadh €43,073 do 14 ball den Gharda Síochána a bhí ar scor; fostaíodh ar dualgais shonracha le linn 2016 iad. Cuireadh gnáthaimh chuí i bhfeidhm i dtaca le híocaíochtaí do bhaill fhoirne ar scor de réir Alt 52 den Acht um Phinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

* Ba iad na figiúirí comhfhreagracha a tuairiscíodh sa chuntas foilsithe do 2015 ná €120,339 agus 14 státseirbhíseach ar scor faoi seach. Mar gur rangaíodh go mí-cheart iad, ba cheart gur €58,813 agus 8 stát-seirbhíseach ar scor, na figiúirí cearta do 2015.

**5.3 Ró-íocaíochtaí párolla**

B'ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €542,561 (197 cás) (2015: €625,952, 218 cás). As an méid seo, bhí pleananna téarnaimh i bhfeidhm ag luach €379,862 (138 gcás) ag 31 Nollaig 2017, lena n-áirítear 37 gcás pinsin choinnithe.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Daonra na bPríosún

Ba é 3,717 phríosúnach (2015: 3,722 phríosúnach) an meánlíon measta laethúil príosúnach sa bhliain 2016

### 6.2 Cúiteamh agus Costais Dlí

Áirítear leis an gcuntas caiteachas i dtaca le cúiteamh agus costais dlí a íocadh le príosúnaigh, le baill foirne agus le baill den phobal. Léirítear miondealú ar na costais sin sa tábla thíos.

| | An líon cásanna | Costais dlí ar íoc Seirbhís Phríosúin na hÉireann iad | Costais dlí a dámhadh | Costais dlí a dámhadh | 2016 Iomlán | 2015 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ag foireann phríosúin** | | | | | | |
| Éilimh shibhialta ag foireann phríosúin do dhíobhálacha a fuarthas agus iad ar dualgais agus ceisteanna eile a bhaineann le foireann phríosúin. | 94 | — | 1,194 | 940 | 2,134 | 1,056 |
| Éilimh trí mheán an Bhinse Chúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla ag eascairt as díobhálacha a fuarthas ag foireann phríosúin. | 35 | — | 744 | 1 | 745 | 579 |
| **Éilimh ag príosúnaigh** | | | | | | |
| Éilimh a rinneadh ag príosúnaigh ag eascairt as díobhálacha agus as gníomhartha eile ina raibh príosúnaigh i gceist | 221 | — | 647 | 2,235 | 2,882 | 1,129 |
| **Éilimh ag baill an phobail** | 29 | — | 116 | 24 | 140 | 233 |
| | | — | 2,701 | 3,200 | 5,901 | 2,997 |

Ag 31 Nollaig 2016, thaifid an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát 1,893 éileamh mar éilimh gan íoc (2015: 1,622 cásanna). Ba é luach iomlán na gcostas dlí a iompraíodh ag an tSeirbhís Phríosúin maidir le 26 chás neamhchúitimh ná €575,000 (2015: €564,000).

### 6.3 Dliteanas Teagmhasach

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann páirteach i roinnt imeachtaí dlí, agus d’fhéadfadh dliteanais a bheith ann dá mbarr, ag brath ar thorthaí dlíthíochta. Ní féidir a thuar, cén uair, ná cé mhéad dliteanais a d’fhéadfadh a bheith i gceist.

### 6.4 Costais Adhlactha na bPríosúnach

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de chuid €4,000 i dtreo costais adhlactha beirt chiontóir a cailleadh agus iad i bpríosún.

**6.5 Calaois agus Calaois Amhrasta**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Mí-leithghabháil líomhnaithe stoic/airgid | — | 1 |

**6.6 Caillteanais Airgid**

Aithníodh seacht gcás de chaillteanais in airgead tirim i bpríosúin éagsúla arbh fhiú €1,692 ina iomláine iad. Fuarthas ceadú chun na caillteanais faoi thrácht a dhíscríobh.

**6.7Oibríochtaí airgeadais eile laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann**

Ar leithligh ón gcaiteachas a léirítear sa Chuntas Leithreasa, eascraíonn roinnt oibríochtaí eile airgeadais laistigh den tSeirbhís Phríosúin chun a cuid feidhmeanna a chur i gcrích. Baineann na hoibríochtaí faoi thrácht le Siopaí an Phríosúin, le Ciste Cláir Chúnaimh Phríosúnach agus le cuntas bainc le haghaidh airgead na bpríosúnach. Seo a leanas na sonraí:

**Siopa an Phríosúin –** Tá siopa inmheánach ("Siopa Sólaistí") ag gach príosún inar féidir le príosúnaigh míreanna caiteachais bhig a cheannach, leithéidí milseáin agus deochanna boga srl. Íoctar as na míreanna ó chistí de chuid na bpríosúnach aonair. Déantar an soláthar ar fad don siopa tríd an airgead a ghintear agus maoinítear é ó dhíolacháin go príosúnaigh agus déantar aon ´ghlanbhrabús´ a ghintear a aistriú chuig an gCiste Cláir Chúnaimh Phríosúnach chun cabhrú le cásanna cruatain i measc na bpríosúnach.

Ba é luach iomlán na n-iarmhéideanna cuntais bainc do na 13 shiopa príosúin ag 31 Nollaig 2016 ná €976,187 ( 2015: €702,260). Ba é luach an stoic ar láimh ná €360,597 (2015: €307,852).

**An Ciste Cláir Chúnamh Phríosúnach (CCCP)-** Feidhmíonn gach príosún cuntas CCCP chun tionscadail chruatain phríosúnach a mhaoiniú. Ní thagann an maoiniú don chuntas ó chistí vótáilte ach ó fharasbarr an ´ghlanbhrabúis´ a ghintear ó shiopa an phríosúin.

Ba é luach iomlán na n-iarmhéideanna cuntais bainc ag 31 Nollaig 2016 ná €503,819 (2015: €584,526).

**Cuntas Airgid Príosúnach –** coimeádtar cuntas bainc go sonrach le haghaidh airgead pearsanra príosúnach agus bainistítear é ag Stiúrthóireacht Airgeadais na bPríosún. Agus príosúnaigh ag fágáil an phríosúin faigheann siad iarmhéid a gcuid airgid phearsanta ón gcuntas seo. Ba é luach iarmhéid an chuntais ag 31 Nollaig 2016 ná €1,058,875 (2015: €914,473). Tá i gceist leis sin iarmhéideanna carntha na bpríosúnach ag deireadh na bliana, ach tá san áireamh freisin díolacháin iomlána na Siopaí Príosúin do Mhí na Nollag (thart ar €450,000 in aghaidh na bliana, de ghnáth) a aistreofar, go luath tar éis deireadh na míosa, chuig Cuntais Bhainc chomhfhreagracha na Siopaí Príosúin chun íocaíocht a éascú do sholáthróirí do cheannacháin na Nollag.

Ina theannta sin, bunaíodh Coistí Deonacha Bialann (CDB) i ngach ceann de na príosúin ábhartha (naoi gcinn ar fad) chun riar fheidhmiú áiseanna ceaintín a chomhordú curtha ar fáil trí chistineacha oiliúna príosúnach. Feidhmíonn na CDB mar aonáin neamhspleácha ar leith ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Ina dhiaidh sin is uile, ghlac Seirbhís Phríosúin na hÉireann mar chúram uirthi féin teagmháil a dhéanamh le gach CDB chun cur i gcuimhne dóibh maidir lena gcuid dualgais rialachais agus béim a chur ar fhreagracht na gCoistí maidir le bheith ag cloí le polasaithe, gnáthaimh, rialaithe agus rialacháin na gCoimisinéirí Ioncaim nuair is cuí sin. Cuirfear feidhmiú na CDB san áireamh mar chuid d´athbhreithniú ar phróisis áirithe riaracháin a bhfuiltear ag tabhairt faoi i láthair na huaire sa tSeirbhís Phríosúin